

**FOIRM IARRATAIS i gCOMHAIR 2016
SCÉIM CHEANNAIGH (INCRIMINTEACH)
AG TIONÓNTAÍ**



Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,
Halla an Chontae,
Dún Laoghaire,
Co. Átha Cliath,
Éire. A96 K6C9
T: 205 4717/205 4845
www.dlrcoco.ie

Liosta Seiceála an Iarratasóra

Sula gcuireann tú d'iarratas isteach, deimhnigh an méid seo a leanas, le do thoil:

- Tá an Leabhrán Faisnéise do Thionóntaí léite agat – lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha na Scéime.
- Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann leatsa agus le do theaghlach comhlánaithe agat.
- Tá fianaise ar ioncam/doiciméadacht tacaíochta faoi iamh mar atá sonraithe ar an leathanach ceangaltáin.
- Chuaigh tú i gcomhairle le d'údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil do theach san áireamh faoin scéim.
- Tá an dearbhú sínithe agat.

Nótaí:

1. Ní phróiseálfaidh d'údarás áitiúil ach foirmeacha iarratais comhlánaithe. Seolfar foirmeacha neamhiomlána ar ais.
2. Ní mór do gach comhcheannaitheoir (céile san áireamh) a bheith ina t(h)ionóntaí ainmnithe sula gcuireann d'údarás áitiúil an díolachán i gcrích.
3. B'fhéidir go mbeadh gá le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar do theaghlach sula gcuirfidh d'údarás áitiúil an díolachán i gcrích. Féadann an t-údarás áitiúil seiceálacha a dhéanamh leis na comhlachtaí ábhartha (e.g. na Gardaí) maidir le faisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais.
4. Ní mór riaráistí de chineál ar bith le d'údarás áitiúil a ghlanadh ina n-iomláine sula gcuirfidh d'údarás áitiúil an díolachán i gcrích.
5. Tá gach comhfhreagras le d'údarás áitiúil maidir leis an Scéim GAN DOCHAR AGUS FAOI RÉIR AON ORDÚ UM AISTRIÚ.

IARRATAS CHUIG AINM NA COMHAIRLE CHUN TEACH A CHEANNACH FAOI THÉARMAÍ SCÉIM CHEANNAIGH (INCRIMINTEACH) AG TIONÓNTAÍ, 2016

Uimhir an Chustaiméara: _____

Seoladh na Réadmhaoine:

Sonraí an Iarratasóra:

	Tionónta	Comhthionónta
Ainm		
Uimhir PSP		
Uimhir Fóin		
Seoladh Ríomhphoist		
Stádas Sibhialta (Pósta)		
Foinse(i) Ioncaim*		
Ollioncam Bliantúil		

Céile/Páirtí Sibhialta/Cónaitheoir ar Comhchónaitheoir é/í sa Teach (murar comhthionónta é/í) de chuid an Tionónta:

Ainm	An caidreamh leis an tionónta	Uimhir PSP	Foinse(i) Ioncaim*	Ollioncam bliantúil

* Caithfidh tacú le fianaise ar ioncam/doiciméadacht mar atá sonraithe ar an leathanach ceangaltáin. Tá foinsí ioncaim nach féidir a chur san áireamh ceangailte freisin.

Ar cheannaigh tú áitreabh roimhe seo faoi scéim cheannaigh ag tionóntaí nó faoi scéim cheannaigh incriminteach?

Cheannaigh: Níor cheannaigh:

Cad í an fhoinsé chistiúcháin atá beartaithe don airgead ceannaigh?

D'Acmhainní Féin*: Morgáiste Príobháideach: Iasacht ó Údarás Áitiúil:

* ní ghlacfar le híocaíochtaí in airgead tirim

Cionta Oird Phoiblí

Sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo, ar ciontaíodh aon bhall den teaghlach i gcion faoi na hailt seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994?

Alt 5: Iompar mí-ordúil in áit phoiblí

Alt 6: Iompar bagrach, maslach nó maslaitheach in áit phoiblí

Alt 7: Ábhar a dháileadh nó a thaispeáint in áit phoiblí atá bagrach, maslach, maslaitheach nó gáirsiúil

Alt 14: Círíib

Alt 15: Mí-ord foréigneach, nó

Alt 19: Rinneadh ionsaí nó cuireadh bac ar oifigeach síochána nó ar phearsanra na seirbhísí éigeandála

Ciontaíodh: Níor ciontaíodh:

Más 'Ciontaíodh' an freagra, tabhair an mioneolas, le do thoil:

(lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí an chiontaithe)

Sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo, an raibh aon bhall den teaghlach faoi réir Orduithe Cúirte faoi na forálacha reachtúla seo a leanas?

- Ailt 3, 3A nó 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997: Faoi réir ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach,
- Alt 257D d'Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24 de 2001): Faoi réir ordú iompair, nó
- Alt 115 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (Uimh. 26 de 2006): Faoi réir ordú sibhialta.

Bhí: Ní raibh:

Más 'Bhí' an freagra, tabhair an mioneolas, le do thoil:

(lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí an ordaithe)

TÁBHACHTACH - Faisnéis faoi bhráid an iarratasóra

Fógra faoi Chionta

Forálann alt 32(7) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, agus alt 6 den Acht Fíneálacha, 2010, gur cion, atá inphionóis faoin alt seo ar a chiontú le fíneáil aicme C (i.e. méid nach mó ná €2,500 ach níos mó ná €1,000), do dhuine faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach a sholáthar go feasach nó chun aon fhíoras ábhartha i ndáil le ceannach tí a cheilt go feasach faoi Chuid 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Forálann alt 32(8) d'Acht 2009 go bhféadann údarás tithíochta aon chaiteachas níos airde a thabhaigh an t-údarás ar dhíol tí a ghnóthú ó dhuine a chiontaítear i gcion faoi alt 32(7) de bharr go bhfuiltear ag brath ar fhaisnéis bhréagach, mhíthreorach nó neamhnochna.

Tiomsú agus Úsáid Sonraí

Tá feidhm iomlán ag do chearta mar ábhar sonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus leagfar amach go soiléir iad sna beartais agus nósanna imeachta um chosaint sonraí ábhartha don údarás áitiúil a bhfuil d'iarratas á chur isteach agat chuige. Má ritheann aon cheist leat maidir le do chearta faoin GDPR, féadann tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe don údarás áitiúil sin. Soláthróidh an t-údarás áitiúil sonraí maidir le conas do cheist a chur isteach go díreach.

Eolas sa Bhreis

Nuair a iarrann [Ainm na Comhairle](#) é, ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí faisnéis bhreise a sholáthar laistigh de cheithre seachtaine.

Tá gach comhfhreagras idir **Ainm na Comhairle** agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí gan dochar agus faoi réir aon Ordú um Aistriú.

Dearbhú

Déanaim/Déanaimid* leis seo iarratas chuig **Ainm na Comhairle** chun an teach thuas a cheannach faoi théarmaí Scéim Cheannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí, 2016.

Glacaim/Glacaimid* leis nach gciallaíonn díol tí faoin scéim seo aon bharánta ó thaobh an údaráis tithíochta de maidir le deisriocht nó bail an tí nó a oiriúnacht i dtaobh áitreabh cónaithe do dhaoine agus de bharr go mbeidh an teach á luacháil ar bhonn riocht reatha, níl aon cheangal ar an údarás tithíochta an teach atá á cheannach faoin scéim a chur i riocht struchtúrach maith sula ndíoltar é.

Glacaim/Glacaimid* gurb é an ceannaitheoir atá freagrach as cothabháil agus deisiú an áitribh tar éis an díola.

Glacaim/Glacaimid leis, mura n-ordaítear a mhalairt, go socróidh **Ainm na Comhairle** nuair a chuirtear an ceannach i gcrích go mbeidh an teach dílsithe i gcomhainmneacha an tionónta agus a c(h)éile/a p(h)áirtí.

Dearbhaím/Dearbhaímid* go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí atá curtha ar fáil agam/againn ar an iarratas seo fíor agus cruinn.

Tugaim/Tugaimid* údarás don údarás tithíochta cibé fiosrúcháin a mheasann sé atá riachtanach chun na sonraí atá i m'iarratas/ár n-iarratas a fhíorú.

Tuigim/Tuigimid* gur cion ar féidir ionchúiseamh a bheith mar thoradh air é má thugtar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach.

* (Scríos nuair is cuí)

Síniú: _____
Tionónta

Síniú: _____
Comhthionónta

Dáta: _____

Dáta: _____

Ní gá an leathanach seo a chur ar ais chuig an údarás áitiúil le d'iarratas.

Ioncam inríofa

1. Áireoidh údarás tithíochta na foinsí agus na haicmí ioncaim seo a leanas nuair a chinneann sé ioncam inríofa:

- (a) Ioncam ó fhostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht;
- (b) Íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiún, mar seo a leanas:
 - (i) Ragobair – teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam, ach amháin nuair a bhíonn pátrún rialta ragoibre ann;
 - (ii) Bónais – teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam;
 - (iii) Coimisiún – teoranta d'uasmhéid 30% den bhunioncam;
- (c) Íocaíochtaí cothabhála a fuarthas;
- (d) Ioncam ó réadmhaoin ar cíos, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus foinsí eile ioncaim dá samhail;
- (e) cuimsíonn ioncam inríofa an Pinsean Stáit Ranníocach agus Neamhranníocach mar phríomhfhoinsí ioncaim. Caithfear le gach íocaíocht leasa shóisialaigh eile de chuid na Roinne Coimirce Sóisialta mar fhoinse thánaisteach ioncaim, i.e. is ioncam inríofa í íocaíocht leasa shóisialaigh le tionónta atá ag fáil ioncam ó fhostaíocht, mar atá íocaíocht leasa shóisialaigh le céile, le páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir tionónta atá i bhfostaíocht, cibé acu atá nó nach bhfuil an íocaíocht sin de bhreis ar ioncam fostaíochta an chéile, an pháirtí sibhialta nó an chomhchónaitheora sin;
- (f) Pinsin, ó cibé foinse, lena n-áirítear ó thíortha thar lear.

Ní gá an leathanach seo a chur ar ais chuig an údarás áitiúil le d'iarratas.

Neamhaird Ioncaim

(1.)Níl ioncam ó na foinsí seo a leanas inríofa faoin scéim agus ní áirítear é nuair a chinntear ollioncam tionónta:

- (a) Sochar Linbh;
- (b) Liúntas do Chúramóir, Sochar do Chúramóir agus Sochar Leath-Ráta do Chúramóir;
- (c) Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht;
- (d) Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach agus Neamhranníocach);
- (e) Íocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúil;
- (f) Forlíonadh Aiste Bia;
- (g) Liúntas Breosla;
- (h) Deontas Tacaíochta Cúramóra;
- (i) Liúntas Gaoil Forordaithe;
- (j) Méadú Maireachtála Aonair;
- (k) Méadú (Pinsin) 80 Bliain d'Aois;
- (l) Liúntas Cúraim Baile;
- (m) Tús (Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail);
- (n) Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas;
- (o) Tairseach (Scéim Gníomhachtaithe Údaráis Áitiúil);
- (p) Scéim Shóisialta Tuaithe;
- (q) Clár Fostaíochta Pobail;
- (r) Liúntas Altramais;
- (s) Liúntas Leas na nDall;
- (t) An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair
- (u) Íocaíochtaí Lóistín;
- (v) Deontais mac léinn agus scéimeanna scoláireachta;

Ní gá an leathanach seo a chur ar ais chuig an údarás áitiúil le d'iarratas.

- (w) Scéim Teagaisc sa Bhaile;
 - (x) Liúntas oiliúna Ógtheagmhála;
 - (y) Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanachta, ceann de na feidhmeanna atá i gceist leis seo is ea cabhrú le daoine i gcruatan trí dheontais airgid a thabhairt dóibh;
 - (y) íocaíochtaí a dhéanann Ballstát eile de chuid an AE a fhreagraíonn do Shochar Linbh;
 - (aa) liúntais oiliúna athshlánúcháin.
- (2) D'fhonn ioncam inríofa a chinneadh, tabharfaidh údarás tithíochta neamhaird ar ioncam aonuaire, sealadach nó gearrthéarmach ó thaobh cineáil de agus atá lasmuigh de phatrún rialta ioncam bliantúil an duine. Seachas sin, sa chás go dtagann athrú ar an ioncam ó sheachtain go seachtain, cinnfear ioncam inríofa ar bhonn meántuilleamh duine thar ghnáth-thréimhse oibre.

Ní gá an leathanach seo a chur ar ais chuig an údarás áitiúil le d'iarratas.

Doiciméadacht Tacaíochta a ghabhann leis an Iarratas

Ní mór an fianaise dhoiciméadach seo a leanas, a fhíoróidh na cineálacha éagsúla ioncaim inríofa, a chur isteach.

Ioncam fostaí:

- ceann amháin nó an dá cheann d'Fhoirm na hAchoimre Sonraí Fostaíochta agus duillíní pá do gach fostaíocht agus, nuair is gá, deimhniú tuarastail fostóra sínithe agus stampáilte, ina luaitear téarmaí fostaíochta, buntuarastal, ragobair, coimisiún, bónais agus aon íocaíochtaí eile;

Ioncam ó fhéinfhostaíocht:

- cóip de na cuntais ioncaim agus chaiteachais do gach gnó nó doiciméadacht den sórt sin a shásaíonn an t-údarás tithíochta maidir le cineál agus méid an ioncaim atá i gceist;

Íocaíochtaí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí:

- doiciméid a d'eisigh an Roinn sin, ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

Amhail an 1 Feabhra 2022, féadann iarratasóir arb é a p(h)insean stáit ranníocach agus neamhranníocach a p(h)ríomhfhoinsé ioncaim iarratas a dhéanamh faoin scéim anois. Ní bheidh ioncam ó gach íocaíocht leasa shóisialaigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí inríofa ach amháin nuair is foinsé thánaisteach ioncaim iad na híocaíochtaí sin, i.e. is ioncam inríofa í íocaíocht leasa shóisialaigh le tionónta atá ag fáil ioncam ó fhostaíocht, mar atá íocaíocht leasa shóisialaigh le céile, le páirtí sibhialta nó le comhchónaitheoir tionónta atá i bhfostaíocht, cibé acu atá nó nach bhfuil an íocaíocht sin de bhreis ar ioncam fostaíochta an chéile, an pháirtí sibhialta nó an chomhchónaitheora sin;

Ioncam cíosa ó thalamh nó ó réadmhaoin:

- cóip de chuntais nó ráiteas ar ioncam cíosa;

Ús ar choigilteas, infheistíochtaí nó díbhinní:

- ráiteas ón institiúid airgeadais nó ó sholáthraí eile, ina sonraítear an méid a íocadh;

Pinsean eile seachas pinsean a íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí:

- doiciméad a d'eisigh an comhlacht a bhí i gceist, ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

Íocaíochtaí cothabhála a fuarthas:

- an tOrdú Cúirte, socrú nó comhaontú cothabhála foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, nó ráiteas aturnae, ina sonraítear méid agus minicíocht agus dáta deiridh na n-íocaíochtaí, agus fianaise dhoiciméadach go bhfuil na híocaíochtaí riachtanacha á ndéanamh de réir an ordaithe, an tsocraithe, an chomhaontaithe nó an ráitis lena mbaineann;

Ioncam ó aon fhoinsé eile:

- fianaise dhoiciméadach ón duine nó ón gcomhlacht cuí atá i gceist, ina sonraítear foinsé agus cineál an ioncaim agus an méid a íocadh.